

Seirbhís Chomhairleach



An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais Seirbhís Chomhairleach



100, Canal Road, Dublin 1, Ireland
Tel: 01 454 4400 Fax: 01 454 4401

100, Canal Road, Dublin 1, Ireland
Tel: 01 454 4400 Fax: 01 454 4401

Seirbhís Chomhairleach



Misean

“Oibriú go dlúth le fostóirí, ceardchumann agus fostaithe chun sárbheartais, sárchleachtas agus sárnósanna imeachta caidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir dea-bhail eacnamaíoch na fiontraíochta a fheabhsú agus cabhrú le cruthú agus coinneáil fostaíochta”

Ceisteanna Coitianta

1. Cad é an tSeirbhís Chomhairleach?

Bionn an tSeirbhís Chomhairleach ag obair le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe in imthosca neamhdhíospóideacha chun na cleachtas, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha caidrimh thionsclaíoch is fearr a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanas a fhorbairt. Tá an tSeirbhís neamhspleách, neamhchlaonta agus eolach ar chleachtas agus teoríc chaidrimh thionsclaíoch.

Cuirfidh foireann na Seirbhíse cúnamh in oiriúint do riachtanais ionaid oibre aonair agus iad ag plé leis na páirtithe. Tá an cúnamh seo faoi rún agus saor in aisce. Cabhraíonn an tSeirbhís le fostóirí agus le fostaithe gaolmhaireachtaí oibre dearfacha a chruthú agus a chothabháil agus oibríonn sé leo chun meicníochtaí éifeachtacha agus leanúnacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach. Nuair atá siad seo i bhfeidhm, bíonn an eagraíocht (an lucht bainistíochta agus na fostaithe) saor chun díriú ar phríomhchuspóirí, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iomaíochas, chun athrú eagraíochtúil a chur i bhfeidhm agus chun aghaidh dhearfach a thabhairt ar ionchais agus ar ábhair imní na bhfostaithe.

2. Cé is féidir leo an tseirbhís a úsáid?

Tá an tseirbhís ar fáil do na fostóirí agus na fostaithe go léir. Ní gá d’fhostaithe a bheith ina mball ceardchumann agus ní gá go mbeadh baint ag fostóirí le comhlacht ionadaíoch chun an tseirbhís a úsáid. Cé nach dtagann fostaíochtaí áirithe san earnáil phoiblí faoi réim feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, cabhróidh an tSeirbhís Chomhairleach leis na páirtithe seo ar bhonn *ad hoc* taobh amuigh dá gcreata bunaithe.

3. Cén cineál seirbhísí a sheachadann an tSeirbhís Chomhairleach?

Seachadann an tSeirbhís Chomhairleach réimse leathan seirbhísí dá custaiméirí, lena n-áirítear:

- Iniúchtaí Caidrimh Thionsclaíoch
- Comhpháirtithe Oibre
- Idirghabháil/Éascaíocht Choisctheach
- Comhairle/Ceardlanna
- Tionscnamh Úsáideoirí Coitianta

4. Cé mhéad a chosnaíonn seirbhísí seo?

Tá na seirbhísí a sheachadann an tSeirbhís Chomhairleach saor in aisce d'úsáideoirí. I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go n-iarrfar ar pháirtithe ionad a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe.

5. An dtaistealaíonn páirtithe go Baile Átha Cliath chun leas a bhaint as na Seirbhísí seo?

Ní thaistealaíonn. Freastalóidh baill foirne na Seirbhíse Comhairlí ar gach ionad fostaíochta, beag beann ar shuíomh tíreolaíochta. Déantar go leor d'obair na Seirbhíse Comhairlí san ionad oibre féin. Uaireanta réachtáiltear cruinnithe/éascaíocht in áit eile, áfach, ach sa suíomh tíreolaíochta céanna chun éascaíocht a dhéanamh do riachtanais áirithe na bpáirtithe éagsúla agus don chineál seirbhíse a sheachadtar.

6. Cad é Iniúchadh Caidrimh Thionsclaíoch?

Nuair atáthar den tuairim go bhfuil raon leathan fadhbanna ann nó nuair is mian leis na páirtithe tuilleadh tuisciana a fháil ar dhinimic na heagraíochta, féadfar go mbeadh sé ábhartha iniúchadh iomlán a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta caidrimh thionsclaíoch i dteannta suirbhé ar thuairimí na ngrúpaí uile san fhiontar.

De ghnáth, cuirtear an t-iniúchadh i láthair na bpáirtithe i bhfoirm tuarascála rúnda ina mbíonn torthaí, conclúidí agus moltaí. I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith níos ábhartha díriú ar an gclár oibre athruithe agus sraith d'fheabhsuithe molta a thabhairt do na páirtithe. Soláthraíonn an tSeirbhís tuilleadh tacaíochta i dtéarmaí monatóireacht iar-thuarascála agus, nuair is gá, cúnamh maidir le cur i bhfeidhm na n-athruithe agus nabhfeabhsúchán riachtanach i bhfoirm Comhpháirtí Oibre.

Seirbhís Chomhairleach



7. Cad é Comhpháirtí Oibre?

Is éard a bhíonn i gceist le Comhpháirtí Oibre ná comhsheisiúin ina mbíonn lucht bainistíochta na cuideachta/ionadaithe agus fostaithe/ionadaithe ag obair le chéile chun cinneadh a dhéanamh ar mholtaí nó cinntí ar son caidrimh thionsclaíoch san ionad oibre a fheabhsú agus chun iad seo a chur i bhfeidhm. Cuireann an tSeirbhís Chomhairleach cúnamh ar fáil maidir le grúpaí oibre den sórt seo a bhunú agus beidh sé mar chathaoirleach ar na seisiúin de réir mar is gá. Tá an tseirbhís seo deartha chun go mbeidh baint dhíreach ag na páirtithe agus réitigh dá ndeacrachtaí a aithneofar san ionad oibre a bheidh sásúil do gach aon taobh á bhforbairt acu.

8. An féidir leis an tSeirbhís Chomhairleach aon seirbhísí coisctheacha eile a sholáthar?

Is féidir. Bíonn cúnamh de dhíth go minic in imthosca a mbíonn páirtithe ag súil le fadhbanna iontu amach anseo. Cabhraíonn an tSeirbhís i gcásanna dá leithéid trí idirghabháil choisctheach a sholáthar. Bíonn cabhair ag teastáil ó go leor eagraíochtaí freisin chun eagrú oibre a fheabhsú. Tugann an tSeirbhís comhairle agus forbraíonn sé nósanna imeachta a bhaineann le díospóidí agus casaoidí sainiúla, cleachtais oibre nua, athrú struchtúrach agus bearta eile a bhíonn riachtanach chun iomaíochas a chothabháil agus a fheabhsú.

9. Cén cineál Comhairle a chuireann an tSeirbhís Chomhairleach ar fáil?

I roinnt cásanna tagann (1) fostóirí agus ceardchumainn (le chéile nó leo féin) nó (2) fostóirí nach bhfuil ceardchumainn ina n-ionad oibre chuig an tSeirbhís chun comhairle mhionshonraithe a fháil maidir le dea-chleachtas agus iad ag socrú comhaontuithe idirbheartaíochta, nósanna imeachta casaoidí/smachtaithe agus creataí eile caidrimh thionsclaíoch. Cuirfidh an tSeirbhís Chomhairleach cibé cúnamh is gá leis ar fáil sna cúinsí seo.

10. Cad é an Tionscnamh Úsáideorí Coitianta?

Is próiseas comhairliúcháin é Tionscnamh an Úsáideora Iomadúil a thugann an tSeirbhís Chomhairleach faoi ar bhonn rialta. Is é cuspóir an tionscnaimh iniúchadh a dhéanamh, i dteannta le húsáideoirí ár seirbhísí comhréitigh dhíospóidí, ar na cúiseanna a théann siad i muinín an Choimisiúin chomh minic. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas

- Eagraíochtaí (Fostóirí agus Ceardchumainn) a bhain leas go minic as seirbhísí comhréitigh dhíospóidí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aithint.
- Iniúchadh a dhéanamh leis na páirtithe ar chúiseanna na húsáide.
- Bearta chun caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú a aithint, más gá.

Cé go bhfuil an tseirbhís seo faoi rún agus nach bhfuil aon tionchar aige ar rochtain na bpáirtithe ar sheirbhísí réiteacha díospóide an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, déanann sé monatóireacht ar leibhéal úsáide meicníochtaí réitigh díospóide an Choimisiúin chun úsáid éifeachtach agus éifeachtúlach acmhainní a chinntiú agus chun cúnaimh a dhíriú ar na réimsí is mó riachtanais.

11. Cad is IR 76 ann?

Tugtar ‘Cód Cleachtais feabhsaithe ar Réiteach Toilteanach Díospóide (IR 76 de 2004)’ ar IR 76 chomh maith. Soláthraíonn an Cód seo creat aitheanta chun próiseáil a dhéanamh ar dhíospóidí a thagann chun cinn in imthosca nuair nach mbíonn socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm agus nuair nach dtarlaíonn comh-mhargaíocht. Éascaíonn an tSeirbhís Chomhairleach nós imeachta sé seachtaine atá deartha chun cabhrú le bainistíocht agus le ceardchumainn chun saincheisteanna faoi dhíospóid a réiteach. Is féidir saincheisteanna gan réiteach a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais. Is í seo an t-aon seirbhís lena mbaineann saincheisteanna faoi dhíospóid a mbíonn an tSeirbhís Chomhairleach ag plé leo.

12. Cad is *Re-Solve* ann?

Is uirlis leictreonach éascaíochta é *Re-Solve* a chuireann ar chumas na n-éascaitheoirí idirbheartaíocht a dhéanamh, idirghníomhú, fadhbanna a réiteach agus faisnéis a bhailiú agus iad ag obair le grúpaí. Éascaíonn sé suirbhéanna, vótáil agus comhdhálacha idirghníomhacha agus úsáid bainte go háirithe as

- Tobsmaointeoireacht
- Bailiú roghanna agus eagrú
- Déanamh cinní i ngrúpaí agus tosaíocht

Seachadann foireann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais an tseirbhís *Re-Solve* faoi láthair, ag baint úsáid as bailiúcháin ríomhairí glúine tiomanta. Comhlánann an uirlis leictreonach chruinnithe seo seirbhís an Choimisiúin um Chaidreamh Oibre trí tháirgiúlacht agus caighdeán na gcruinnithe agus na gceardlann a fheabhsú. Ar na buntáistí seo, áirítear:

- Trí rannpháirtithe a spreagadh chun úsáid a bhaint as an uirlis leictreonach chruinnithe ar mhaithe le smaointe a roinnt agus iad a spreagadh chun freagraí díreacha a thabhairt ar na ceisteanna ina gcuid focal féin, soláthraítear bealach éifeachtúlach agus fuinniúil tobsmaointeoireachta chun sonraí a bhailiú, chun tuairimí a roinnt agus chun réitigh chruthaitheacha a chruthú

Seirbhís Chomhairleach



- Tugtar an deis le hanaitheantas saincheisteanna deacra a leagan amach agus athraíonn sé tón an phlé ón gcruinniú a bheith dhírithé ar phearsantachtaí go dtí díriú isteach ar chomhábhair
- Feabhas ar thorthaí doiciméadaithe.

13. An féidir cuntas a thabhairt ar rannpháirtíocht na Seirbhíse Comhairlí san ionad oibre a mhíníonn buntáiste na Seirbhíse?

Is féidir. Tugann an cas-staidéar seo a leanas cuntas ar an gcineál buntáiste ar féidir le rannpháirtíocht na Seirbhíse Comhairlí a bhaint amach.

Cás-staidéar

Nuair a d'aithin an lucht bainistíochta agus na ceardchumainn go raibh gaolmhaireachtaí ionaid oibre imithe in olcas in eagraíocht san earnáil phoiblí, d'iarr siad ar an tSeirbhís Chomhairleach cabhair a thabhairt dóibh chun caidreamh thionsclaíoch a athbhreithniú agus chun moltaí cuí a dhéanamh. Rinneadh próiseas agallaimh faoi rún a raibh baint ag an lucht leasmhara uile leis, agus ansin i mí an Mhárta 2003 d'eisigh an tSeirbhís Chomhairleach a tuarascáil. Bunaíodh Comhpháirtí Oibre (GC) a raibh baill den bhainistíocht agus ionadaithe na bhfostaithe air, chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm. Tar éis sin, bhí sraith de chruinnithe ag an GC a dhírigh ar roinnt príomh-shaincheisteanna caidrimh thionsclaíoch, go háirithe oiliúint agus forbairt, cumarsáid, struchtúr bainistíochta agus próiseas an chaidrimh thionsclaíoch. Comhaontaíodh clár oiliúna agus forbartha agus cuireadh i bhfeidhm é chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna gaolmhara a d'aithníodh sa tuarascáil. D'aithin an clár seo, a d'fhorbair na páirtithe i gcomhar lena chéile, riachtanais theicniúla, bhainistíochta, oiliúna pearsanta agus forbartha na foirne. Áiríodh amchlár de thionscnaimh agus cúrsaí oiliúna sa chlár chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. D'fhorbair an GC múnla cumarsáide chun dul i ngleic le heaspaí cumarsáide a aithníodh sa tuarascáil. Ba é dearcadh na ndaoine a raibh baint dhíreach acu leis an gclár ná: "Bhí cur chuige an chomhoibrithé ríthábhachtach chun saincheisteanna a bhí ag déanamh dochair d'atmaisféar an chaidrimh thionsclaíoch san eagraíocht a aithint agus a réiteach go rathúil. Bhí ról tábhachtach ag cur chuige agus tiomantas an luchta leasmhara uile i bhforfheidhmiú an fheabhais ar ghaolmhaireachtaí san ionad oibre a tharla debharr an phróisis sin."

14. Conas a bhainfaidh mé leas as na seirbhísí seo?

Ba chóir ceisteanna agus iarratais ar chúnamh na Seirbhíse Chomhairlí a dhéanamh le

Stiúrthóir Rannán na Seirbhísí Comhairleacha

An Coimisiún um Chaidreamh Tionsclaíoch

Teach Tom Johnson

Bóthar Haddington

Baile Átha Cliath 4

Ríomhphost: advisory@lrc.ie

Nó

Trí na foirmeacha fiosrúcháin ar líne www.lrc.ie

Ba chóir go mbeadh breac-chuntas tugtha san iarratas ar an gcineál seirbhíse a bheidh ag teastáil chomh maith le sonraí teagmhála na bpáirtithe go léir lena mbaineann.

